



2025/2197

31.10.2025

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/2197 ÓN gCOIMISIÚN
an 30 Deireadh Fómhair 2025

maidir le coibhéis an chreata dhlíthiúil agus maoirseachta is infheidhme maidir le tagarmharcanna sa Nua-Shéalainn i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/1011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le hinnéacsanna a úsáidtear mar thagarmharcanna in ionstraimí airgeadais agus i gconarthaí airgeadais nó chun feidhmíocht cistí infheistíochta a thomhas agus lena leasaítear Treoir 2008/48/CE agus Treoir 2014/17/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 596/2014 ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 30(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Tugtar isteach le Rialachán (AE) 2016/1011 creat coiteann chun cruinneas agus sláine na n-innéacsanna a úsáidtear mar thagarmharcanna in ionstraimí airgeadais agus i gconarthaí airgeadais a áirithiú, nó chun feidhmíocht cistí infheistíochta san Aontas a thomhas.
- (2) Tá feidhm ag an Rialachán sin ó bhí an 1 Eanáir 2018 ann agus bhain riarthóirí nach de chuid an Aontais iad tairbhe as idirthréimhse lena gceadaítear tagarmharcanna tríú tír a úsáid san Aontas. Cuireadh síneadh leis an idirthréimhse sin roinnt uaireanta, agus rinneadh an síneadh is déanaí le Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2222 ón gCoimisiún ⁽²⁾ go dtí an 31 Nollaig 2025.
- (3) Tar éis dhul in éag na hidirthréimhse, ní fhéadfar tagarmharc atá faoi raon feidhme Rialachán (AE) 2016/1011 nó teaghlaim de thagarmharcanna den sórt sin a sholáthair riarthóir atá lonnaithe i dtríú tír a úsáid san Aontas ach amháin i gcás ina n-áirítear an tagarmharc agus an riarthóir sa chlár a choinníonn an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí ('ESMA') tar éis don Choimisiún cinneadh coibhéise a ghlacadh, tar éis do ESMA riarthóir tagarmharcanna tríú tír a aithint nó tar éis do riarthóirí údaráithe nó cláraithe de chuid an Aontais tagarmharc tríú tír a fhorghnó.
- (4) Tá cinneadh coibhéise dá dtagraítear in Airteagal 30(2) de Rialachán (AE) 2016/1011 le bheith i bhfoirm cinnidh cur chun feidhme, ina sonraíonn an Coimisiún go bhfuil creat dlíthiúil agus maoirseachta tríú tír i ndáil leis na riarthóirí uile atá údaráithe sa tríú tír sin coibhéiseach leis na ceanglais a leagtar amach sa Rialachán sin. Agus measúnú á dhéanamh ar choibhéis den sórt sin, cuirfidh an Coimisiún san áireamh, maidir le creat dlíthiúil agus cleachtas maoirseachta tríú tír, an ndéantar comhlíonadh le Prionsabail na hEagraíochta Idirnáisiúnta um Choimisiúin Urrús (IOSCO) a áirithiú le haghaidh Tagarmharcanna Airgeadais nó, i gcás inarb infheidhme, le Prionsabail IOSCO le haghaidh Gníomhaireachtaí a Thuairiscíonn Praghas na hOla ('GTPanna'). Thairis sin, tá an Coimisiún le measúnú a dhéanamh an bhfuil ceanglais cheangailteacha den sórt sin faoi réir maoirseacht éifeachtach agus forfheidhmú éifeachtach ar bhonn leanúnach sa tríú tír sin.
- (5) Is sa Nua-Shéalainn a riartar tagarmharcanna ar nós Ráta Tagarmhairc Bille Bainc na Nua-Shéilainne ('RTBB') agus úsáideann roinnt eintiteas faoi mhaoirseacht iad san Aontas. Na sonraí a chuir an tÚdarás Margaí Airgeadais ('UMA'), rialtóir iompair agus údarás inniúil na Nua-Shéilainne i margaí airgeadais, agus a chuir ESMA faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh, deimhnítear leo gur mó ná EUR 50 billiún úsáid BKBK san Aontas, agus ar an gcaoi sin cáilítear é mar thagarmharc suntasach san Aontas. Chun a áirithiú gur féidir tagarmharcanna a sholáthraíonn riarthóir atá údaráithe nó cláraithe sa Nua-Shéalainn ar nós RTBB a úsáid san Aontas tar éis dhul in éag na hidirthréimhse an 31 Nollaig 2025, rinne an Coimisiún measúnú ar chóras na dtagarmharcanna sa Nua-Shéalainn.

⁽¹⁾ IO L 171, 29.6.2016, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2016/1011/oj>.

⁽²⁾ Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2222 ón gCoimisiún an 14 Iúil 2023 lena gcuirtear síneadh leis an idirthréimhse a leagtar síos le haghaidh tagarmharcanna tríú tír in Airteagal 51(5) de Rialachán (AE) 2016/1011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L, 2023/2022, 23.10.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2023/2222/oj).

- (6) Sa chreat reachtach chun tagarmharcanna a bhunú, a mhaoirsiú agus a riar sa Nua-Shéalainn, tá scéim ceadúnúcháin um rogha a bheith páirteach inti agus tugtar cumhachtaí do ÚMA maoirseacht a dhéanamh ar riarthóirí tagarmharcanna airgeadais ('riarthóirí tagarmharcanna'). Féadfaidh riarthóirí tagarmharcanna iarratas a dhéanamh ar cheadúnas seirbhísí margaidh ó ÚMA i gcomhréir le Roinn 390 den Acht um Iompar na Margaí Airgeadais 2013 ('Acht IMA') agus dá bhrí sin tá siad faoi réir na rialacha do riarthóirí agus rannchuiditheoirí mar a leagtar amach san Acht sin.
- (7) De réir Airteagal 30(2) de Rialachán (AE) 2016/1011, tá ceanglais i gcóras dlí an tríú tír le bheith coibhéiseach leis na ceanglais a leagtar síos i Rialachán (AE) 2016/1011. Tá riarthóirí tagarmharcanna ceadúnaithe faoi réir choinníollacha an cheadúnais agus raon ceanglas reachtach. Leagtar amach ceanglais atá ceangailteach ó thaobh dlí le haghaidh riarthóirí tagarmharcanna in Acht IMA, san Acht um Sholáthraithe Seirbhísí Airgeadais (Clárú agus Réiteach Díospóidí) 2008, agus sna Rialacháin maidir le Soláthraithe Seirbhísí Airgeadais (Clárú), 2020.
- (8) Coinníonn ÚMA liosta ar a shuíomh gréasáin⁽³⁾ de sholáthraithe riarthóirí tagarmharcanna ceadúnaithe, ina sonraítear na tagarmharcanna airgeadais a bhfuil gach riarthóir ceadúnaithe lena soláthar.
- (9) Féadfaidh ÚMA cheadúnas seirbhísí margaidh a dheonú do riarthóir tagarmharcanna i ndáil le tagarmharc airgeadais amháin nó níos mó agus sonrú an tagarmharc sonracha nó na tagarmharcanna sonracha ina gceadúnas.
- (10) Tar éis iarratas ar cheadúnas a fháil, deonóidh ÚMA cheadúnas i gcás ina bhfuil sé sásta leis na hábhair a leagtar amach i Roinn 396 d'Acht AIM, lena n-áirítear go gcomhlíonann an t-iarratasóir na critéir incháilitheachta a leagtar amach i gCuid 2 de Sceideal 28 de Rialachán IMA.
- (11) Leagtar amach i gCuid 3 de Sceideal 28 de na Rialacháin IMA coinníollacha ceadúnais sonracha le haghaidh riarthóirí agus rannchuiditheoirí tagarmharcanna ceadúnaithe, lena n-áirítear coinníollacha rialachais agus bainistíochta, ceanglais sheachfhoinsithe, ceanglais maidir le coinbhleachtaí leasa a bhainistiú, feidhmeanna formhaoirseachta neamhspleácha, ceanglais maidir le dearadh tagarmharcanna agus modheolaíocht, agus ceanglais maidir le sonraí ionchuir.
- (12) Sa bhreis ar na coinníollacha ceadúnais a leagtar síos i Rialachán IMA, ní mór do riarthóirí tagarmharcanna ceadúnaithe aon choinníoll breise a d'fhorchuir ÚMA ar a gceadúnas faoi Roinn 403 d'Acht IMA a chomhlíonadh freisin. Féadfaidh ÚMA coinníollacha a fhorchuireann sé ar cheadúnas a fhorchur, a athrú, a chúlghairm, nó ionadú, mar aon le cur le cur leis an gceadúnas sin, a dhéanamh orthu i gcomhréir le Roinn 403 d'Acht IMA, tráth ar bith tar éis cheadúnas a eisiúint.
- (13) Leagtar amach i Roinn 402 d'Acht IMA na hoibleagáidí ginearálta do cheadúnaithe seirbhísí margaidh, lena n-áirítear riarthóirí tagarmharcanna ceadúnaithe, lena n-áirítear nach mór do na ceadúnaithe sin gan ach an tseirbhís mhargaidh lena mbaineann a gceadúnas a sholáthar, ar nós tagarmharc ar leith nó aicme tagarmharcanna.
- (14) Féadfaidh ÚMA cheadúnas faoi Roinn 408 agus Roinn 414 d'Acht IMA a chur ar fionraí nó a chur ar ceal i gcás inar sháraigh ceadúnaí oibleagáid ceadúnaí seirbhísí margaidh go hábhartha, i gcás inar tharla athrú ábhartha ar imthosca, lena n-áirítear nach gcomhlíonann sé a thuilleadh na critéir incháilitheachta a leagtar síos i gCuid 2 de Sceideal 28 de Rialachán IMA, i gcás ina bhfuil an fhaisnéis arna soláthar ag ceadúnaí ina iarratas ar cheadúnas nó ina iarratas ar athrú a cheadúnais bréagach nó míthreorach ar bhealach ábhartha, nó i gcás nach gcomhlíonann an ceadúnaí na ceanglais a leagtar amach a thuilleadh i Roinn 396 d'Acht IMA.
- (15) De réir Airteagal 30(2) de Rialachán (AE) 2016/1011, tá ceanglais i gcóras dlí an tríú tír le bheith faoi réir maoirseacht agus forfheidhmiú éifeachtach ar bhonn leanúnach. Tá riarthóirí tagarmharcanna a cheadúnaigh ÚMA faoi réir mhaoirseacht agus fhormhaoirseacht leanúnach ÚMA. Foráiltear le Roinn 9 den Acht um Udarás na Margaí Airgeadais 2011 ('Acht ÚMA') go bhfuil ÚMA freagrach as faireachán agus forfheidhmiú a dhéanamh ar chomhlíonadh Acht IMA agus Rialacháin IMA. Déanann ÚMA maoirseacht leanúnach agus féadfaidh sé a mheas go sonracha an gcomhlíonann riarthóirí tagarmharcanna ceadúnaithe a n-oibleagáidí ceadúnaithe.

⁽³⁾ <https://www.fma.govt.nz/business/licensed>.

- (16) Le Clásail 26 agus 27 de Sceideal 28 de Rialacháin IMA, ceanglaítear ar riarthóir tagarmharcanna ceadúnaithe taifid a chruthú agus a chothabháil a chuireann ar a chumas don cheadúnaí a léiriú go bhfuil a oibleagáidí ceadúnais á gcomhlíonadh aige agus taifid a sholáthar do ÚMA ar fhógra i scríbhinn a fháil ó ÚMA. Le Roinn 25 go Roinn 28 d'Acht ÚMA, cuirtear cumhachtaí bailithe faisnéise ar fáil do ÚMA freisin chun a chur ar a chumas do ÚMA measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh Acht IMA ag ceadúnaithe. Cuireann na forálacha sin ar a chumas do ÚMA fógraí a sheirbheáil ar riarthóirí tagarmharcanna á cheangal orthu aon fhaisnéis a shonraítear san fhógra a sholáthar, a tháirgeadh nó a atáirgeadh, nó teacht os comhair ÚMA chun fianaise a sholáthar.
- (17) Le Roinn 29 d'Acht ÚMA, tugtar cumhachtaí do ÚMA freisin dul isteach in aon áit, feithicil nó rud eile agus cuardach a dhéanamh orthu chun a fháil amach an raibh riarthóir tagarmharcanna nó rannchuiditheoir ag gabháil d'iompar nó an bhfuil sé ag gabháil d'iompar arb ionann é agus, nó a d'fhéadfadh a bheith ina shárú, ar aon fhoráil de reachtaíocht na margaí airgeadais, lena n-áirítear Acht IMA.
- (18) Le Roinn 30 d'Acht ÚMA, tugtar cumhachtaí comhroinnte faisnéise ÚMA chun aon fhaisnéis nó cóip de dhoiciméad atá ag ÚMA agus a bhaineann le feidhmeanna, cumhachtaí nó dualgaí ÚMA a chomhroinnt le haon ghníomhaireacht forfheidhmithe dlí nó rialála nó le rialtóir thar lear. Is féidir an fhaisnéis sin nó cóip de dhoiciméad a roinnt i gcás ina measann ÚMA go bhféadfadh sé cabhrú leis an rialtóir thar lear feidhmeanna, cumhachtaí nó dualgaí an rialtóir thar lear a chomhlíonadh nó a fheidhmiú faoin dlí eachtrach, agus i gcás ina bhfuil ÚMA sásta go bhfuil, nó go mbeidh, cosaintí iomchuí i bhfeidhm chun rúndacht na faisnéise sin a choinneáil ar bun.
- (19) Le Roinn 412 d'Acht IMA, ceanglaítear ar cheadúnaithe seirbhísí margaidh, lena n-áirítear riarthóirí tagarmharcanna ceadúnaithe, modhanna éifeachtacha a bheith i bhfeidhm acu chun faireachán a dhéanamh ar a gcomhlíontacht féin lena n-oibleagáidí ceadúnaithe agus chun athruithe ábhartha ar imthosca a shainaithint. Maidir le haon cheadúnaí a chreideann gur sháraigh sé oibleagáid do cheadúnaí seirbhíse margaidh ar bhealach ábhartha, nó go gcreideann sé gur sháraigh sé an oibleagáid sin, nó go gcreideann go raibh, go bhfuil seans ann go raibh, nó gur dócha go mbeidh athrú ábhartha ar imthosca maidir lena cheadúnas, déanfaidh an cheadúnaí tuarascáil a sheoladh chuig ÚMA maidir leis na sáruithe sin nó na hathruithe ábhartha sin a luaithe is indéanta.
- (20) Leagtar amach i Roinn 406 d'Acht IMA na hiarmhairtí a bhaineann le riarthóir tagarmharcanna ceadúnaithe a sháraíonn coinníoll a cheadúnais. I gcás ina ndearnadh sárú den sórt sin, féadfaidh ÚMA cumhacht a fheidhmiú faoi Chuid 6, Fochuid 3, d'Acht IMA, ina leagtar amach cumhachtaí ginearálta ÚMA maidir le faireachán agus forfheidhmiú ceadúnas. Faoi Roinn 414 d'Acht IMA, áirítear ar na cumhachtaí sin: an cheadúnaí a cháineadh; a cheangal ar an gceadúnaí plean gníomhaíochta a chur faoi bhráid ÚMA maidir lena bhfuil beartaithe acu a dhéanamh chun oibleagáid an cheadúnaí a leigheas nó a sheachaint, nó chun sárú breise ar choinníoll an cheadúnais a sheachaint; ordachán a thabhairt don cheadúnaí chun oibleagáid an cheadúnaí a leigheas nó chun sárú oibleagáide an cheadúnaí a sheachaint, nó chun sárú breise ar choinníoll an cheadúnais a sheachaint; agus an ceadúnas a chur ar fionraí nó a chur ar ceal.
- (21) Faoi Roinn 419 d'Acht IMA, i gcás nach gcuireann ceadúnaí plean gníomhaíochta isteach, nó ina ndíulthaíonn ÚMA don phlean gníomhaíochta, nó ina bhfaigheann ÚMA amach nár comhlíonadh plean gníomhaíochta, féadfaidh ÚMA ceadúnas an cheadúnaí a chur ar fionraí nó a chur ar ceal, nó a chumhachtaí eile a fheidhmiú faoi Roinn 414 d'Acht IMA.
- (22) Maidir le haon duine a mhainníonn ordachán ó ÚMA a chomhlíonadh gan leithscéal réasúnach, déanann an duine sin cion faoi Roinn 421 d'Acht IMA agus dlífear ar an duine sin a chiontú, fineáil suas le NZD 300 000 a chur air. Féadfaidh ÚMA an cheadúnaí a cháineadh freisin nó ceadúnas an cheadúnaí a chur ar fionraí nó a chur ar ceal.
- (23) I gcás nach gcomhlíonann duine ordachán, féadfaidh ÚMA iarratas a dhéanamh chuig an gCúirt ar urghaire faoi Roinn 480 d'Acht IMA lena gcuirtear srian ar cheadúnaí gabháil d'iompar ar sárú é nó ar sárú bheadh ann, nó do rannpháirtíocht i sárú ar oibleagáid cheadúnaí. Féadfaidh ÚMA iarratas a dhéanamh chun na Cúirte freisin ar ordú lena gceanglaítear ar dhuine oibleagáid cheadúnaí a chomhlíonadh.

- (24) Féadfaidh ÚMA orduithe ordacháin a dhéanamh faoi Roinn 468 d'Acht IMA i gcás ina bhfuil ÚMA sásta, trí pháirt a ghlacadh in aon iompar, gur sháraigh duine, nó gur dócha go sáróidh sé, foráil seirbhísí Chuid 6. Leagtar amach i Roinn 449 d'Acht IMA na forálacha ar 'forálacha seirbhísí Chuid 6' iad. Leagtar amach i Rialachán 198 de na Rialacháin IMA na forálacha sna rialacháin sin ar forálacha seirbhísí faoi Chuid 6 iad, agus leagtar amach i Rialachán 198(2) forálacha seirbhísí Chuid 6 a bhfuil feidhm shonrach acu maidir le riarthóirí tagarmharcanna ceadúnaithe. Luaitear in Alt 469 d'Acht IMA go bhféadfadh na horduithe sin a cheangal ar an duine forálacha seirbhísí Chuid 6 a chomhlíonadh, aon bheart réasúnach atá le glacadh ag an duine chun an fhoráil lena mbaineann a chomhlíonadh, nó a cheangal ar an duine tuairisciú do ÚMA maidir le conas agus cathain a cuireadh nó a chuirfear an t-ordú ordacháin chun feidhme.
- (25) Leagtar amach freisin i gCuid 2 d'Acht IMA oibleagáidí ginearálta maidir le 'cóirdhéileáil' a bhfuil feidhm acu maidir le riarthóirí tagarmharcanna ceadúnaithe. Áirítear ar na hoibleagáidí sin toirmisc ar iompar míthreorach agus meabhlach, léirithe bréagacha nó míthreoracha, agus léirithe gan bhunús. Cuireann na forálacha sin ar a chumas do ÚMA gníomhú in aghaidh cúbláil mhargaidh bunaithe ar thrádáil ar thagarmharcanna (trádálacha a bhfuil d'éifeacht acu, nó ar dócha go mbeidh d'éifeacht acu an margadh a chur ar míthreoir) ag rannpháirtithe sa mhargadh. Tá orduithe ordacháin faoi Roinn 468 d'Acht IMA ar fáil freisin i leith forálacha áirithe de Chuid 2 d'Acht IMA.
- (26) D'fhéadfadh dliteanas sibhialta eascairt as sárú ar fhorálacha éagsúla seirbhísí faoi Chuid 6 a shonraítear i Roinn 449(3) d'Acht IMA, lena n-áirítear pionós airgid nach mó ná an ceann is mó de chomaoin an idirbhearta ábhartha, is é sin trí oiread mhéid an ghnóthachain nó an chailleanais a seachnaíodh, agus NZD 1 mhilliún i gcás duine aonair nó NZD 5 mhilliún in aon chás eile. D'fhéadfadh dliteanas sibhialta, lena n-áirítear an pionós airgid, teacht chun cinn freisin i gcás ina gcinntear go neamhfáirinn go bhfuil ceadúnas seirbhísí margaidh (lena n-áirítear ceadúnas riarthóra tagarmhairc) ag duine.
- (27) D'fhéadfadh dliteanas sibhialta eascairt as sárú ar fhorálacha seirbhísí éagsúla Chuid 6 a shonraítear faoi Roinn 449(4) d'Acht IMA, lena n-áirítear pionós airgid nach mó ná NZD 200 000 do dhuine aonair nó NZD 600 000 in aon chás eile. Áirítear leis sin sárú ar na forálacha seirbhísí faoi Chuid 6 seo a leanas (atá ábhartha do riarthóirí tagarmharcanna ceadúnaithe): Alt 448C, Alt 448D agus Alt 448G d'Acht IMA (treoracha chuig ranníocóir nó riarthóir tagarmhairc airgeadais); agus coinníollacha arna bhforchur ar riarthóir tagarmharcanna ceadúnaithe a shonraítear i Rialachán 198(2) de na Rialacháin IMA.
- (28) Leagtar amach i gCuid 8, Fochuid 3, d'Acht IMA cumhachtaí gaolmhara na Cúirte chun pionóis airgid a fhorchur ar dhuine ar iarratas ó ÚMA, agus chun orduithe cúiteacha a dhéanamh, as sárú ar na forálacha dliteanais sibhialta (lena n-áirítear na forálacha sin ar forálacha seirbhísí faoi Chuid 6 iad) d'Acht IMA. Is féidir le ÚMA iarratas a dhéanamh chuig an gCúirt freisin ar 'orduithe toirmisc' faoi Roinn 517 d'Acht IMA. Is féidir leis na horduithe toirmisc sin cosc a chur ar dhuine a bheith ina stiúthóir nó ina thionscnóir ar eintiteas, nó a bheith rannpháirteach ar bhealach ar bith i mbainistíocht an eintitis, lena n-áirítear mar riarthóir tagarmharcanna.
- (29) Le Roinn 46 d'Acht ÚMA, ceadaítear do ÚMA glacadh le gealltanais infhorfheidhmithe ó riarthóirí tagarmharcanna ceadúnaithe nár chomhlíon a gceanglais rialála. Faoi Roinn 47 d'Acht ÚMA, i gcás ina measann ÚMA gur sháraigh duine a thug gealltanais faoi Roinn 46 téarma den ghealltanais sin, féadfaidh ÚMA iarratas a dhéanamh chuig an gCúirt ar ordú, lena n-áirítear an gealltanais a fhorfheidhmiú.
- (30) Le Roinn 448D d'Acht IMA, cuirtear ar a chumas do ÚMA treoir a thabhairt do riarthóir tagarmharcanna ceadúnaithe leanúint de thagarmharc a ghiniúint nó a oibriú ar bhealach ar leith i gcás ina measann sé gur gá nó gurb innhianaithe aon cheann de na cuspóirí dá dtagraítear i Roinn 448B d'Acht IMA a chur chun cinn. Le Roinn 448C d'Acht IMA, cuirtear ar a chumas do CIF ranníocóir a threorú chun faisnéis nó sonraí a sholáthar do cheadúnaí, nó d'eintiteas eile, i gcás ina bhfuil soláthar na faisnéise nó na sonraí sin riachtanach nó innhianaithe chun an tagarmharc airgeadais a shonraítear i gceadúnas a ghiniúint nó a oibriú.
- (31) Dá bhrí sin, is é conclúid an Choimisiúin go bhfuil na ceanglais cheangailteacha maidir leis na riarthóirí a roghnaigh a bheith páirteach sa scéim ceadúnúcháin faoin nGníomh um Iompar na Margaí Airgeadais faoi réir maoirseacht agus forfheidhmiú éifeachtach ar bhonn leanúnach. Bunaithe ar na rialacha agus na nósanna imeachta maoirseachta dá bhforáiltear faoi Acht IMA agus faoi Acht ÚMA, rinne an Coimisiún measúnú ar na rialacha is infheidhme maidir le riarthóirí tagarmharcanna ceadúnaithe sa Nua-Shéalainn agus is é conclúid an Choimisiúin go bhfuil an córas coibhéiseach leis an gcóras san Aontas.

- (32) Ní gá do riarthóirí tagarmharcanna an Aontais ceadúnas a fháil chun a dtagarmharcanna a úsáid sa Nua-Shéalainn ach is féidir leo féachaint go deonach le bheith ceadúnaithe sa Nua-Shéalainn.
- (33) Ba cheart an Cinneadh seo a chomhlánú le socrúithe comhair chun malartú éifeachtach faisnéise agus comhordú gníomhaíochtaí maoirseachta idir ESMA agus ÚMA a áirithiú.
- (34) Tá an Cinneadh seo bunaithe ar an measúnú ar na ceanglais is infheidhme atá ceangailteach ó thaobh dlí a bhaineann le tagarmharcanna sa Nua-Shéalainn tráth ghlacadh an Chinnidh seo. Leanfaidh an Coimisiún d'fhaireachán a dhéanamh, ar bhonn rialta, ar fhorbairtí sa mhargadh, ar éabhlóid chreat dlíthiúil agus maoirseachta na dtagarmharcanna agus ar éifeachtacht an chomhair mhaoirseachta i ndáil le faireachán agus forfheidhmiú na gceanglas sin chun comhlíonadh leanúnach na gceanglas a áirithiú, ar ceanglais iad ar ghlacadh an Cinneadh seo ar a mbonn.
- (35) Tá an Cinneadh seo gan dochar do chumhacht an Choimisiúin athbhreithniú sonracha a dhéanamh tráth ar bith i gcás inar gá don Choimisiún athmheasúnú a dhéanamh ar an gCinneadh seo de bharr forbairtí ábhartha.
- (36) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste Eorpach um Urrúis.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Chun críocha Airteagal 30(2) de Rialachán (AE) 2016/1011, maidir le creat dlíthiúil agus maoirseachta na Nua-Shéilainne is infheidhme maidir le tagarmharcanna airgeadais a bhfuil a riarthóir ceadúnaithe ag Údarás na Margaí Airgeadais sa Nua-Shéalainn i gcomhréir leis an Acht um Iompar na Margaí Airgeadais 2013, measfar go bhfuil sé coibhéiseach leis na ceanglais a leagtar síos i Rialachán (AE) 2016/1011 agus go bhfuil sé faoi réir maoirseacht agus forfheidhmiú éifeachtach ar bhonn leanúnach.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 30 Deireadh Fómhair 2025.

Thar ceann an Choimisiúin

An tUachtarán

Ursula VON DER LEYEN